



SAORGHLUAISEACHT CHAIPITIL

Tá an tsaorghluaiseacht chaipitil ar cheann de cheithre shaoirse bhunúsacha mhargadh aonair an Aontais. Ní hé amháin gurb í an ceann is déanaí í, ach is í an ceann is leithne í freisin mar gheall ar an ngné shuaitheiseach tríú tír a bhaineann léi. Is de réir a chéile a rinneadh dul chun cinn i dtaobh léirscaoileadh ar shreafaí caipitil. Ón uair a glacadh Conradh Maastricht (1994), tá srianta ar ghluaiseachtaí agus íocaíochtaí caipitil bainte, idir Ballstáit agus le tríú tíortha araon. Tá éifeacht dhíreach ag an bprionsabal, i.e. ní éilíonn sé aon reachtaíocht bhreise ar leibhéal AE nó ar leibhéal na mBallstát.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagail 63 go 66 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach (CFAE).

CUSPÓIRÍ

Ba cheart deireadh a chur le gach srian ar ghluaiseachtaí caipitil idir Ballstáit agus idir Ballstáit agus tríú tíortha, ach eisceachtaí a bheith ann in imthosca áirithe. Tá an tsaorghluaiseacht chaipitil ina bonn taca don mhargadh aonair agus tá sí ina comhlánú ar na trí shaoirse eile. Rannchuidíonn sí leis an bhfás eacnamaíoch freisin ar an ábhar gur féidir caipiteal a infheistiú go héifeachtúil as a los agus déanann sí úsáid an euro mar airgeadra idirnáisiúnta a chur chun cinn, agus ar an tslí sin cuireann sí le ról AE mar ghníomhaí domhanda. Chomh maith leis sin, ní raibh déanamh dá huireasa mar le forbairt an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA) agus le thabhairt isteach an euro.

A BHFUIL BAINTE AMACH

A. An dícheall tosaigh (sularbh ann don margadh aonair)

Bhí bearta tosaigh an Chomhphobail teoranta ó thaobh raon feidhme. Le Conradh na Róimhe (1957), éilíodh go gcuirfí deireadh leis na srianta ach a mhéid ba ghá sin d'fheidhmiú an chómhargaidh. Leis an 'gCéad Treoir Chaipitil'^[1] ó 1960, a leasaíodh in 1962, cuireadh deireadh le srianta ar chineálacha áirithe gluaiseachtaí caipitil tráchtála agus príobháideacha, amhail ceannacháin réadmhaoine, iasachtú gearrthéarmach nó meántéarmach le haghaidh idirbhearta tráchtála, agus ceannacháin urrús a thrádáiltear ar an stocmhalartán. Chuaigh rinnt

[1]Comhairle CEE: An chéad Treoir maidir le hAirteagal 67 den Chonradh a chur chun feidhme, IO 43, 12.7.1960, Ich. 921.



Ballstát céim níos faide ná sin trí bhearta náisiúnta aontaobhacha a thabhairt isteach, agus, leis sin, rinneadh nach mór gach srian ar ghluaiseachtaí caipitil (e.g. an Ghearmáin, an Ríocht Aontaithe agus na tíortha Benelux) a chur ar ceal. Tháinig treoir^[2] eile maidir le sreafaí caipitil idirnáisiúnta i bhfeidhm in 1972.

B. Tuilleadh dul chun cinn agus léirscaoileadh ginearálta i bhfianaise an mhargaidh aonair

An léirscaoileadh, ar cuireadh tús leis in 1960, ní dheacthas de athuir go dtí gur seoladh an margadh aonair (an 1 Eanáir 1993). As siocair leasuithe ar an 'gCéad Treoir Chaipitil' in 1985 agus 1986 rinneadh tuilleadh léirscaoilte i réimsí amhail iasachtú fadtéarmach d'idirbhearta tráchtála agus ceannacháin urrús nach dtrádáiltear ar an stocmhalartán.

I gcomhthéacs an margadh aonair a chomhlánú, AEA a chur ar bun, agus é a bheith beartaithe an euro a thabhairt isteach, rinneadh gluaiseachtaí caipitil a léirscaoileadh go hiomlán le Treoir ón gComhairle^[3] in 1988 lenar dísíodh fuíoll na mbacainní ar ghluaiseachtaí caipitil idir cónaitheoirí na mBallstát amhail ón 1 Iúil 1990.

C. An córas cinntitheach

1. Prionsabal

Le Conradh Maastricht, a tháinig i bhfeidhm in 1994, tugadh isteach saorghluaiseacht chaipitil mar shaoirse Conartha. Sa lá atá inniu ann, toirmeasctar le hAirteagal 63 CFAE gach srian ar ghluaiseacht chaipitil agus íocaíochtaí idir Ballstáit, agus idir Ballstáit agus tríú tíortha. Tá sé de chúram ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh na forálacha a bhaineann le saorghluaiseacht chaipitil a léirmhíniú, agus is fairsing an cásdlí sa réimse sin. I gcásanna ina ndéanfaidh na Ballstáit an tsaorghluaiseacht chaipitil a shrianadh ar bhealach nach bhfuil údar leis, beidh feidhm ag an ngnáthnós imeachta um shárú a leagtar amach in Airteagal 258-260 CFAE.

2. Eisceachtaí, agus srianta a bhfuil údar leo

Tá eisceachtaí teoranta den chuid is mó do ghluaiseachtaí caipitil a bhaineann le tríú tíortha (Airteagal 64 CFAE). Sa bhreis ar an rogha atá ag na Ballstáit srianta ar infheistíocht dhíreach agus ar idirbhearta eile arbh ann dóibh ar dháta ar leith a choimeád i bhfeidhm, féadfaidh an Chomhairle freisin, i ndiaidh di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, bearta a ghlacadh d'aontoil arb ionann iad agus céim ar gcúl i ndáil le léirscaoileadh gluaiseachtaí caipitil le tríú tíortha. Ina theannta sin, féadfaidh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa bearta reachtacha a ghlacadh a bhfuil infheistíocht dhíreach, bunaíocht, soláthar seirbhísí airgeadais nó glacadh le hurrúis i margaí caipitil i gceist leo. Cumhdaítear in Airteagal 66 CFAE bearta éigeandála i leith tríú tíortha, agus iad teoranta do thréimhse sé mhí.

Déantar na srianta ar ghluaiseachtaí caipitil i gcoitinne, lena n-áirítear gluaiseachtaí laistigh de AE, arb iad na srianta sin amháin a bhfuil údar leo, a leagan síos in Airteagal 65 CFAE. Áirítear orthu sin: (i) bearta chun sárúithe ar an dlí náisiúnta a

[2]Treoir 72/156/CEE ón gComhairle an 21 Márta 1972 maidir le sreafaí caipitil idirnáisiúnta a rialáil agus a n-iarbhairtí neamh-inmhianaithe ar leachtacht intíre a neodrú, IO L 91, 18.4.1972, lch. 13.

[3]Treoir 88/361/CEE ón gComhairle an 24 Meitheamh 1988 maidir le cur chun feidhme Airteagal 67 den Chonradh, IO L 178, 8.7.1988, lch.5.



chosc (eadhon do chánachas agus maoirseacht stuamachta seirbhísí airgeadais); (ii) nósanna imeachta maidir le gluaiseachtaí caipitil a dhearbhu chun críocha riaracháin nó staidrimh; agus (iii) bearta a bhfuil údar leo ar fhorais an bheartais phoiblí nó na slándála poiblí. Rinneadh an dara ceann díobh sin a chúlghairm le linn ghéarchéim an limistéir euro, nuair a cuireadh iallach ar an gCipir (2013) agus ar an nGréig (2015) rialuithe caipitil a thabhairt isteach chun cosc a chur ar eis-sreabhadh doshrianta caipitil. Cé gur chuir an Chipir deireadh le fuíoll na srianta in 2015, tá rialuithe caipitil, bíodh is nach bhfuil siad chomh dian is a bhídís, fós i bhfeidhm sa Ghréig.

Faoi Airteagal 144 CFAE, ceadaítear, faoi chuimsiú na gclár cúnaimh um chomhardú na n-íocaíochtaí, bearta cosanta um chomhardú íocaíochtaí a bheith ann i gcás ina gcuireann deacrachtaí feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh i mbaol nó i gcás ina dtarlaíonn géarchéim gan choinne. Níl an clásal cosanta sin ar fáil ach do na Ballstáit sin nach bhfuil sa limistéir euro.

Ar deireadh, déantar foráil in Airteagail 75 agus 215 CFAE maidir leis an bhféidearthacht go mbeadh smachtbhannaí airgeadais ann chun an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac nó go mbeidís bunaithe ar chinntí arna nglacadh faoi chuimsiú chreat an chomhbheartais eachtraigh agus slándála.

3. Íocaíochtaí

Sonraítear in Airteagal 63(2) CFAE 'go dtoirmiscfear na srianta uile ar íocaíochtaí idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus tríú tíortha'.

In 2001, glacadh rialachán lenar comhchuibhíodh costais íocaíochtaí intíre agus trasteorann laistigh den limistéir euro. Rinneadh é a aisghairm agus tháinig rialachán eile ina ionad in 2009^[4].

Bhí an Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta (PSD)^[5] ina bunús dlíthiúil le haghaidh sraith rialacha a bhunú a bheadh infheidhme maidir le gach seirbhís íocaíochta in AE chun íocaíochtaí trasteorann a dhéanamh chomh héasca, chomh héifeachtúil agus chomh slán céanna le híocaíochtaí 'náisiúnta', agus chun éifeachtúlacht agus laghdú costais a chothú trí níos mó iomaíochta trí mhargaí íocaíochta a oscailt d'iontrálaithe nua. Bhí an Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta ina chreat riachtanach i gcomhair tionscnamh de chuid thionscal baincéireachta agus íocaíochtaí na hEorpa, ar a dtugtar an 'Limistéir Aonair d'Íocaíochtaí Euro' (SEPA). Bhí ionstraimí SEPA ar fáil, ach ní raibh mórán úsáide á baint astu faoi dheireadh 2010. Dá réir sin, in 2012, glacadh rialachán^[6], lenar leagadh síos críochdhátaí ar fud AE d'aistriú na sean-aistrithe creidmheasa náisiúnta agus dochar díreach chuig ionstraimí SEPA. In 2015, ghlac na comhreachtóirí an Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Íocaíochta (PSD 2)^[7], lena ndearnadh an treoir a

[4] Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le híocaíochtaí trasteorann sa Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2560/2001 IO L 266, 9.10.2009, Ich. 11.

[5] Treoir 2007/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach lena leasaítear Treoir 97/7/CE, Treoir 2002/65/CE, Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 97/5/CE, IO L 319, 5.12.2007, Ich. 1.

[6] Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear ceanglais theicniúla agus ghnó le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochair dhíreacha in euro agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 (IO L 94, 30.03.2012, Ich. 22).

[7] Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoir 2002/65/CE, Treoir 2009/110/CE agus



bhí i bhfeidhm an uair sin a aisghairm. Leis an Treoir athbhreithnithe, cuirtear feabhas ar thrédhearcacht agus ar chosaint tomhaltóirí agus cuirtear na rialacha in oiriúint chun freastal ar sheirbhísí fócaíochta nuálacha, lena n-áirítear fócaíochtaí idirlín agus móibíleacha. Tháinig an treoir i bhfeidhm an 12 Eanáir 2016 agus ghabh éifeacht léi an 13 Eanáir 2018.

D. Tuilleadh forbairtí

D'ainneoin an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le sreafaí caipitil in AE a léirscaoileadh, is amhlaidh atá margaí caipitil fós ilroinnte ar an mórgóir. I mí Mheán Fómhair 2015, sheol an Coimisiún a thionscnamh suaitheanta, arbh fhorás é ar an bPlean Infheistíochta don Eoraip, dar teideal: '[Aontas na Margaí Caipitil](#)'. Áirítear ann roinnt beart a bhfuil sé mar aidhm leo margadh aonair iomlán comhtháite do chaipitil a chruthú faoi 2019. Foilsíodh [athbhreithniú meántearma](#) ar Phlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil i mí an Mheithimh 2017. Ina theannta sin, tá an Coimisiún agus na Ballstáit ar a mbionda chun deireadh a chur le bacainní ar an infheistíocht trasteorann a thagann laistigh d'inniúlachtaí náisiúnta. Rinneadh an Sainghrúpa ar bhacainní ar shaorghluaiseacht chaipitil a chur ar bhun chun an tsaincheist sin a scrúdú. I mí an Mhárta 2017, mar bheart leantach ar obair an tsainghrúpa, d'fhoilsigh an Coimisiún [tuarascáil](#) inar leagadh amach mar a bhí nithe suite sna Ballstáit. I mí an Mhárta 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún [teachtaireacht](#) dar teideal 'Aontas na Margaí Caipitil: dul chun cinn i leith margadh aonair do chaipitil a thógáil i gcomhair aontas láidir eacnamaíoch agus airgeadaíochta'.

Fairis sin, tá an Coimisiún ag obair chun na conarthaí reatha déthaobhacha infheistíochta (BITanna) laistigh de AE, arbh ann do go leor díobh roimh na babhtaí is déanaí i dtaobh mhéadú AE, a chur ar neamhní. Is dóigh leis an gCoimisiún go bhfuil na comhaontuithe sin idir na Ballstáit ina mbac ar an margadh aonair mar go bhfuil siad bunoscionn le creat reachtach AE agus ina bhforluí air. Mar shampla, leis na sásraí eadrána atá comhtháite sna BITanna, eisiatar na cúirteanna náisiúnta agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh araon, rud a chuireann cosc ar dhlí AE a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh BITanna mar bhonn le cóireáil níos fabhraí a bheith á tabhairt d'infheisteoirí ó Bhallstáit áirithe a thug BITanna i gcrích laistigh de AE. Lena chois sin, gach bliain foilsíonn an Coimisiún [tuarascálacha agus staidéir](#) maidir le sreafaí caipitil laistigh de AE agus sa chomhthéacs domhanda.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Bhí an Pharlaimint go mór i bhfách le hiarrachtaí ar léirscaoileadh gluaiseachtaí caipitil a spreagadh. Is é tuairim na Parlaiminte, áfach, gur cheart go mbeadh an léirscaoileadh sin níos forbartha in AE i gcomparáid leis an gcuid eile den domhan, chun a áirithiú go mbeidh tosaíocht á tabhairt do choigilteas Eorpach a bheith á úsáid d'infheistíocht Eorpach. Tá sé curtha in iúl aici freisin gur cheart go mbeadh léirscaoileadh iomlán seirbhísí airgeadais agus comhchuibhiú dlí cánach ina mbonn do léirscaoileadh caipitil chun margadh airgeadais aontaithe Eorpach a chruthú. Ba mar gheall ar bhrú polaitiúil



ón bParlaimint go raibh an Coimisiún in ann reachtaíocht maidir le comhchuibhiú íocaíochtaí intíre agus trasteorann a sheoladh.

Thacaigh an Pharlaimint le seoladh Aontas na Margaí Caipitil. Ghlac sí [rún](#) inar leagadh béim ar an ngá a bhí le cothroime iomaíochta a bheith ann i measc rannpháirtithe chun leithdháileadh caipitil in AE a fheabhsú. Iarradh sa rún go gcuirfí deireadh le bacainní ar mhaoiniú trasteorann, go háirithe i gcás FBManna, agus go mbeadh ról níos láidre ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM) i ndáil le cóineasú maoirseachta a fheabhsú. I mí Aibreáin 2019, tháinig an Pharlaimint ar chomhaontú mar le sraith de [ghníomhartha reachtacha](#) lenar leagadh máithreacha Aontas na Margaí Caipitil.

Dražen Rakić / Denitza Dessimirova
04/2019

